2025/732

8.5.2025

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 30/2025**

**an 7 Feabhra 2025**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XIII (Iompar) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/732]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) Uimh. 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, ([1]) tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Tá forálacha i dTreoir (AE) 2015/413 ina bhfuil tagairtí do ghníomhartha arna nglacadh faoi Theideal V CFAE. Maidir le gníomhartha ina bhfuil na forálacha sin, tugtar chun cuimhne go bhfuil ionchorprú na ngníomhartha sin i gComhaontú LEE gan dochar don tuiscint go dtagann reachtaíocht an Aontais a glactar de bhun Theideal V CFAE lasmuigh de raon feidhme Chomhaontú LEE. Tá na Páirtithe Conarthacha tiomanta an oibleagáid a chomhlíonadh Treoir (AE) 2015/413 a chur chun feidhme, lena n-áirítear na nósanna imeachta is gá chun go bhféadfar na malartuithe sonraí a dhéanamh atá in Airteagal 4 ina dtagraítear don Iarscríbhinn lena mbunaítear na nósanna imeachta sin de thoradh chur i bhfeidhm Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle.

(3) Maidir leis na tagairtí in Airteagal 4 de Threoir (AE) 2015/413 do Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle, tá na nósanna imeachta náisiúnta i Stáit CSTE i gcomhréir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn agus an Iorua ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac agus le Cinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac agus leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin ar chur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus den Iarscríbhinn a ghabhann leis, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 17kh (Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/1926 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn XIII a ghabhann le Comhaontú LEE:

'17l. **32015 L 0413**: Treoir (AE) Uimh. 2015/413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 lena n-éascaítear malartú trasteorann faisnéise faoi chionta tráchta a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre (IO L 68, 13.3.2015, lch. 9).

([1]) IO L 68, 13.3.2015, lch. 9.

Chun críoch an Chomhaontaithe seo, tá forálacha na Treorach oiriúnaithe mar a leanas:

(a) A mhéid a bhaineann leis an Íoslainn agus an Iorua, is éard a mheasfar a bheith i gceist leis na tagairtí do na nósanna imeachta um malartú faisnéise in Airteagal 4 arna mbunú de thoradh chur i bhfeidhm Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, tagairtí do na nósanna imeachta dá dtugtar feidhm de bhun Airteagal 1 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Íoslainn agus an Iorua maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur chun feidhme Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac.

A mhéid a bhaineann le Lichtinstéin, is éard a mheasfar a bheith i gceist leis na tagairtí do na nósanna imeachta um malartú faisnéise in Airteagal 4 arna mbunú de thoradh chur i bhfeidhm Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, tagairtí do na nósanna imeachta dá dtugtar feidhm de bhun Airteagal 1 den Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Lichtinstéin maidir le cur i bhfeidhm forálacha áirithe de Chinneadh 2008/615/CGB ón gComhairle maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, de Chinneadh 2008/616/CGB ón gComhairle maidir le cur i bhfeidhm Chinneadh 2008/615/CGB maidir le dlús a chur le comhar trasteorann, go háirithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht agus an choireacht trasteorann a chomhrac, agus de Chinneadh Réime 2009/905/CGB ón gComhairle maidir le creidiúnú soláthróirí seirbhísí fóiréinseacha a dhéanann gníomhaíochtaí saotharlainne.

(b) Cuirfear na fomhíreanna seo a leanas isteach in Airteagal 12:

'De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh Stáit CSTE an sprioc-am leis trasuí a chur siar go dtí 6 mhí tar éis theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 30/2025 ó Chomhchoiste LEE an 7 Feabhra 2025.'.'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir (AE) 2015/413 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 8 Feabhra 2025, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Feabhra 2025.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Nicolas VON LINGEN

(*) Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.